Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 19 Meitheamh 2025**
**(OR. en)**

**10570/25**
**ADD 2**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2024/0068(COD)**

**SOC 443**
**EMPL 304**
**ECOFIN 849**
**EDUC 275**
**JEUN 164**
**CODEC 859**
**IA 75**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 9936/25 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le dálaí oibre oiliúnaithe a fheabhsú agus a fhorfheidhmiú agus maidir le gnáthchaidrimh fostaíochta atá faoi bhréagriocht tréimhsí oiliúna a chomhrac (‘An Treoir maidir le Tréimhsí Oiliúna’)<br>- *Cur chuige ginearálta*<br>- *Ráiteas ó thoscaireacht na hEastóine* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san iarscríbhinn ráiteas ó thoscaireacht na hEastóine maidir leis an togra thuasluaite.

**Ráiteas ón Eastóin**

**Treoir maidir le dálaí oibre oiliúnaithe a fheabhsú agus a fhorfheidhmiú agus maidir le gnáthchaidrimh fostaíochta atá faoi bhréagriocht tréimhsí oiliúna a chomhrac (‘An Treoir maidir le Tréimhsí Oiliúna’)**

Tacaíonn an Eastóin le haidhm fhoriomlán na Treorach maidir le Tréimhsí Oiliúna chun cáilíocht agus rochtain ar chúrsaí oiliúna a fheabhsú. Mar sin féin, cuirimid in iúl gur cúis imní dúinn breisluach amhrasach na Treorach maidir le Tréimhsí Oiliúna chomh maith leis an ualach riaracháin breise.

Leis an Treoir, d’fhéadfaí fostóirí a spreagadh chun tréimhsí oiliúna a chruthú ar chostas caidreamh fostaíochta agus rochtain ar thréimhsí oiliúna do dhaoine óga a laghdú. Ní thugann córas dlí na hEastóine aitheantas d’oiliúnaithe atá ag obair faoi chonradh fostaíochta. Sainmhínítear oiliúnaithe atá ag obair faoi chonradh fostaíochta mar fhostaithe a bhfuil cearta fostaíochta iomlána acu. Dá bhrí sin, creideann an Eastóin gur ar éigean a chuireann an Treoir feabhas ar staid na n-oiliúnaithe. Os a choinne sin, d’fhéadfaí, leis an Treoir, fostóirí a spreagadh caitheamh le hoiliúnaithe ar bhealach nach bhfuil chomh fabhrach céanna ná mar a chaitear le hoibrithe.

Thairis sin, tá imní fós ar an Eastóin faoi shoiléireacht dhlíthiúil Airteagal 8 den Treoir maidir le ról ionadaithe na n-oibrithe sa nós imeachta breithiúnach. De réir théacs Airteagal 8, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go gcomhlíonfar dhá chás éagsúla. Maidir le hionadaithe na n-oibre, áiritheoidh na Ballstáit an méid seo a leanas:

> (1) *go mbeidh siad in ann páirt a ghlacadh* […] in aon nós imeachta breithiúnach nó riaracháin ábhartha chun na cearta agus na hoibleagáidí a eascraíonn as an Treoir seo a fhorfheidhmiú;
>
> agus
>
> (2) *go mbeidh siad in ann gníomhú* […] thar ceann oiliúnaí amháin nó roinnt oiliúnaithe nó chun tacú leis nó léi nó leo i gcás sárú ar aon cheart nó oibleagáid a eascraíonn as an Treoir seo […].

Tuigtear dúinn go gciallaíonn an dara cás (*go mbeidh siad in ann gníomhú* [...] *thar ceann oiliúnaí nó chun tacú leis nó léi*) ionadaíocht a dhéanamh nó comhairle a thabhairt in imeachtaí cúirte (rinneadh caibidlíocht ar úsáid an téarma *chun tacú leis nó léi* faoi chuimsiú ionstraimí dlí shibhialta, e.g. an Treoir frith SLAPP). Mar sin féin, ní léir dúinn cad is brí leis an gcéad chás, murab ionann é agus ionadaíocht a dhéanamh nó comhairle a thabhairt in imeachtaí cúirte agus má rialaítear é mar oibleagáid ar leithligh.

De réir fhoclaíocht na forála, ba cheart don Bhallstát a áirithiú go mbeadh ionadaithe na n-oibrithe, nach ngníomhaíonn mar ionadaithe ná mar chomhairleoirí in imeachtaí cúirte, in ann a bheith rannpháirteach in imeachtaí breithiúnacha. Ní dhéantar foráil i ndlí nós imeachta sibhialta na hEastóine don fhéidearthacht sin, agus chuirfeadh an oibleagáid nua earnáilsonrach sin isteach ar neamhspleáchas nós imeachta Ballstáit agus ní féidir í a bheith mar sprioc ag dlí an Aontais.

Le linn na caibidlíochta i gComhairle an Aontais Eorpaigh, d'iarramar soiléiriú ar a bhfuil i gceist le *go mbeidh siad in ann páirt a ghlacadh i* […] *nós imeachta* […]*breithiúnach chun na cearta agus na hoibleagáidí a eascraíonn as an Treoir seo a fhorfheidhmiú*, má chiallaíonn sé rud éigin seachas ionadaíocht nó comhairle a thabhairt in imeachtaí cúirte; tá moltaí d'fhoclaíocht Airteagal 8 curtha ar fáil againn, chomh maith le moladh le haghaidh fhoclaíocht na haithrise.

Tuigimid an Coimisiún ar bhealach a fhágann nach gá do na Ballstáit a ndlí nós imeachta sibhialta a athrú chun freagairt don chéad chás a leagtar síos in Airteagal 8 (*Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh ionadaithe oibrithe in ann páirt a ghlacadh* [...] *in aon nós imeachta breithiúnach ábhartha* [...] *chun na cearta agus na hoibleagáidí a eascraíonn as an Treoir seo a fhorfheidhmiú*).

Ós rud é go gceadaítear léirmhíniú difriúil le téacs na Treorach, tugaimid dár n-aire go léirmhíníonn an Eastóin an chéad chás a rialaítear in Airteagal 8 ar bhealach nach gá don Eastóin a dlí nós imeachta a athrú chun ceanglais Airteagal 8 a chomhlíonadh. Ba leor, de réir dhlí nós imeachta na hEastóine, go bhféadfadh an t-oiliúnaí ionadaithe oibrithe a úsáid mar ionadaí nó mar chomhairleoir in imeachtaí cúirte (an dara cás d'Airteagal 8).

Bunaithe ar an méid thuas, níl an Eastóin in ann tacú leis an Treoir.